# GUTH GHOILL
## Coiste Chéim Aniar

### *An t-Ainm "Guth Ghoill"*

Ba mhaith linn páipéar nó nuacht itir úr Gaeilge a bhunú i gceantar Ros Goill. Tá shúil againn go gcuideoidh sé le muintir na háite ceangail níos fearr a bheith acu le chéile. B'fhéidir fosta go dtabharfadh sé uchtach dúinn níos mó úsáid a bhaint as ár dteanga fhéin.

Beidh nuaíocht, pictiúir, barúlacha, leathanach do pháistí, scéalta ón t-sean mhuintir agus gach aois eile. Beidh sean fhocla, scéaltaí grinn, logainmneacha, amhráin agus cuid mhór rúdaí eile a bhaineas le saol Gaeltacht Ros Goill.

### *Sean Fhocla.*

An bhfuil tuairim agat fá rud éigin? B'fhéidir go bhfuil daoine eile ar aon bharúil leat. Ar mhaith leat gearán a dhéanamh fá rud éigin. B'fhéidir go bhfuil daoine eile ar aon aigne leat. Scríobh chugainn: Maire Nic Suibhne ('ac Fhionnlaoch), Mícheál Mac Laifeartaich (Mící Mharcais) agus Fionnuala Harte, Áras Ros Goill.





### *Ros Goill agus an Ghaeilge*

Ceantar Gaeltachta is ea Ros Goill atá suite idir Chuan na Maoile Ruaidhe agus Chuan na Long i dtuaisceart Thír Chonaill. Ceantar fíor álainn is ea é agus meas air dá réir. Bhí clú agus cáil ar an cheantar i gcónaí de bharr an saibhreas Gaeilge a bhí le fáil ann. Bhí sí binn agus blasta, ceolmhar agus snasta.

Chonachtas do mhuintir na h-áite le tamall go raibh meath mhór tagtha ar an Ghaeilge agus má bhítear le í a choinneáil beo, go gcaithfidh rud éigean a dhéanamh sula mbeadh sé ró-mhall.

Mar sin, tháinig baicle againn le chéile i Samhradh na bliana 2001. Phléigh muid an cheist phráinneach a bhí romhainn agus leag muid amach clár d'athbheochan na Gaeilge i gceantar Ros Goill. Bhí cruinnithe againn le dreamanna agus le heagraíochtaí éagsúla le stiúir, treoir agus comhairle a fháil. Chur muid cuspóirí fad-théarmach agus gearr-théarmach romhainn, agus shocraigh muid bealaigh le iad a chur i gcrích. Is iomaí smaointiú agus meabhrú a rinne muid ar bhealaigh leis an Ghaeilge a chur chun cinn. Bhaist muid Coiste Céim Aniar ar an choiste a cuireadh le chéile le cuidiú le na h-aidhmeanna a chur chun críche. Rinne muid spíonadh ar go leor bealaigh le íomhá Ghaelach a nochtadh sa cheantar. Chonacthas dúinn go raibh tábhacht ar leith ag baint le ranganna Gaeilge a reáchtáil. Leis an aidhm seo romhainn, shocraigh muid ar Chúrsa Dioplóma sa Ghaeilge a chur ar siúl. Chuirfeadh seo go mór le stádas na Gaeilge, chomh maith le caighdeán agus líofacht teanga a chruthú agus a chothú agus a chaomhnú. Da réir sin chuaigh muid i gcionn oibre agus ar deireadh, tháinig toradh ar an obair.

Thosaigh an Cúrsa Dioplóma don chéad uair in Áras Ros Goill sna Dúnaibh ag tús mí Deireadh Fómhair 2002. Tá an cúrsa seo a reáchtáil faoi stiúir Ollscoil Mhig Aodha i nDoire. Is cúrsa é le daoine a spreagadh le níos mó muiníne a bheith acu

astu féin agus iad ag caint, léamh nó ag scríobh i nGaeilge. Anuraidh, bhí cúig dhuine dhéag agus fiche ag freastal ar an chúrsa, agus ba as ceantar Ros Goill féin thart fá 95% acu. I mí Deireadh Fómhair i mbliana thosaigh seisear agus fiche ar an chúrsa, idir an chéad bhliain agus an dara bliain. Is cainteoirí líofa Gaeilge an mhórchuid acu ach tá foghlaimeoirí againn fosta agus is mór an chúis dóchais agus tógáil croí go bhfuil achan uile duine acu chomh díograiseach, chomh dúthrachtach agus chomh dílis sin d'aidhmeanna an chúrsa. Cuirfidh an cúrsa seo agus imeachtaí eile atá ar siúl i gceantar Ros Goill go mór le athbheochan na Gaeilge agus tá súil againn go mbeidh bláth agus borradh ar an obair uilig amach anseo.

Dar ndóigh, níl sna cúrsaí seo ach an tús. Mar a deir an seanfhocal i nGaidhlig na h-Alban:

*"Is obair lae toiseacht,*
*is obair beatha críochnú".*




## Tráth na gCeist

Tá ceithre sheisiún de thráth na gceist críochnaithe againn. Thosaigh sé thíos sa tSíbín Ceoil. Bhí an bhua an oíche sin ag an tSíbín Ceoil B agus ar an fhoireann bhí Micheál Ó Dochartaigh, a mhac Seamás agus Máire Nic Suibhne. An dara seachtain in Óstán Charraig Airt bhí an bhua ag Síbín Ceoil A agus san fhoireann bhí Michael Joseph, Francie Cullen agus Tommy Clyde. An tríú seachtain bhí muid in Óstán na Trá agus ba ag foireann an Ghleanna, sin Micheál Ó Gallchóir, a mhac Michéal agus Seamás Ó Gallchóir a bhí an bhua. An tseachtain seo chaite bhí muid ar an Ghleann agus cha raibh iontas ar bith gur cheangail an Gleann agus Síbín Ceoil A leis an scór is airde. Sa "tie – breaker" bhí an bhua ag Síbín Ceoil A.

An bhfuil na daoine seo ar "dietary supplements" de shórt éigean. Tá Máistir na gCeist ag cur isteach go mór orainn agus ceist aige dúinn achan oíche ó Leslie le muid a chur ar seachrán. Ag caint fá bhia tá muid ag baint sult as na ispíní, rollógaí ispíní, sliogáin dhubha, ceapairí agus sceallóga. Téann cuid again fá choinne an bia agus an craic agus daoine eile fá choinne an fhíon. Sin mar atá an saol !

## Stephen & 'na Caddies'. Sean Phictiúr.

Tá, ar ndóigh, cuid de na daoine seo imithe ar shlí na fírinne ach tá muid cinnte go n-aithníonn sibh cuid acu. B'fhéidir go bhfuil tú fhéin sa phictiúr.

Tabhair dúinn na h-ainmneacha!!





## TOMHAS

*Trí rud atá comh maith le rudaí atá níos fearr na iad!*

(a) bean ghránna ag fear dall
(b) claíomh adhmaid I lámh cladhaire
(c) uisce salach ar thine



## Sean Fhocla.

1. "Mól an óige agus tiocfaidh sí"
*Praise the youth and they will bloom.*


2. "An té a bhíonn siúlach bíonn sé eolah (scéalach)"
*He who travels has stories to tell (is knowledgable).*

3. Éist le fuaim na habhann agus gheobhaidh tú breac"
*Listen to the sound of river and you will get a trout.*

4. "Is minic a bhris béal duine a shrón"
*Many a time a man's mouth broke his nose.*

5. "Is maith an tanlann an tocras"
*Hunger is a good sauce.*

6. "Má bhionn tú ar lorg cara gan locht beidh tú gan chara go deo"
*If you seek a friend without fault, you will be without one forever.*




## LOG AINMNEACHA

Tá cuid mhór ainmneacha sa cheantar a dtuigeann daoine a gciall agus cá háit a bhfuil siad, mar shampla:

Gort na Luchóg agus Doire a Chasáin. Seo seisear eile agus bfhéidir nach mbeadh siad ar eolas ag gach duine;


**Ard an Bhealaigh Ghil**
**Gleann Raithnigh**
**Ard na hÁltóra**
**Machaire Chuileann**

## SCÉAL MHÁNUIS

Bhí muid ag caint le Mánus Eoin Dé Domhnaigh. Duine eolach é Manus a bhfuil cuimhne mhaith agus craic maith aige. Cha mhothofá an t-am ag gabháil thart agus tú ag comhrá leis. Fa'n tsean-am a ba mhó a bhi muid ag caint.

Rugadh Mánus i nDumhaigh ar an 8ú lá de mhí Mheithimh sa bhliain 1915. Micí Eoin ab ea a athair agus Gráinne Mhánuis Sheáin a mháthair. Tá cuimhne aige ar a bheith ag gabháil 'na scoile le dream mór scoláirí agus iad ag siúl ó'n Chorrach agus Dumhaigh go scoil Dhoire an Chasáin, cuid acu cos-tarnocht. Fuair siad oideachas mhaith ó na múinteoirí a bhí ann san am, b'iad sin, Miss Haughey, Cormac Dunleavy, Séamus Duggan agus Tom Mac Fhionnghaile. Chuaigh Manus chuig Scoil oíche fosta i dteach "Bona Vista", sin teach George Mc Nutt ar an Mhachaire Bhig.

Is é Mánus an duine deireannach de chlann Eoin atá fágtha sa cheantar. Le linn an chogaidh d'fhreastail sé ar an "Coast Watch and Marine Service". Eagraíocht a bhí ann le súil a choinneáil ar a raibh ag gabháil ar aghaidh amuigh ar an chósta. Chaith se léar ama ag traenáil i mBeairic Portobello agus i Roinnmór na Gaillimhe. Bhí bothán beag concrete ar bharr an chnoic i nGort na Luchóg agus tugadh binoculars, gutháin agus log-leabhar dóibh, agus is é sin a raibh idir muidinne agus cuid submarines na Gearmáine 'sna blianta dainséartha sin. Is cuimhin le Manus an oíche a dtáinig corp gan ceann isteach leis an lán mara. Tháinig bád folamh isteach an lá arna mhárach nuair a bhí an tairm ag tabhairt ar shiúl an corp. Tháinig cupla "mine" isteach fosta ach taobh amuigh de na heachtraí sin chaith na fir mór chuid dá gcuid ama ag imirt chártaí agus ag



suraí leis na maighdeáin mhara a thiocfadh i dtír i dTrá na Rossan. Bhí ochtar acu ó'n áit seo sa "Coast Watch" mar a bhí – Joe Andy Hughie, John agus Mainí Mhícheáil, Eoghan Eoghan Mhóir, Micí Ned Ruairí, Dan Neití Nellí, Charlie Willie agus Mánus e féin. *Is cuimhin leis bád gainimhe ag dul sios ag Carraig na bhFrancach. Bád a bhí ag tabhairt gaineamh ó na hArdaí go hAlban. Cailleadh an bád ach tháinig an bheirt de chriú isteach i dtalamh i mbád beag, agus tugadh isteach i dtigh Phaidí Den ar an Chorrach iad. Tá cuimhne aige fosta ar an bád a bombluigheadh agus a tháinig isteach ar thine ag an Tor Mór.*
hInnseadh dúinn go raibh cearca agus madaidh leis an chriú ar bord.Ar ndoigh d'fhág siad an bád go tapaidh agus a thiocfadh leo. Bhris an bád ina dhá leath leis an fharraige mhóir agus bhí gach seans go rachadh sí go tóin bomaite ar bith. Níor stad daoine a raibh báid acu a ghabháil ar bord. D'fhan an chriú i nDoire agus tháinig siad arais lá amháin nuair a shocraigh an aimsir. Bhí cuid de mhuintir na háite ar bord, fear amhain a raibh lan mála de chearca leis. Tharraing duine den chriú amach scian, stroic sé an sác agus scaip na cearca. (Ca deachaigh siad??). Thóg teaghlach as an cheantar leo an madadh.
Iascaire a bhí i Mánus cuid mhór dona shaol, Bhíodh se ar chósta an Iarthair ag iascaireacht scadán. Le Nonnie agus le Georgie Buchan is mó a bhíodh se ag obair. Cailleadh Georgie agus Donnchadh Hughie Den, go taismeach, thíos i nDúnmór Phortláirge sa bhliain 1958. San am sin bhí léar do mhuintir Dhubhcha ag iascaireacht gliomaigh amach as Dumhaigh, i gcurraigh.
San tsean am bhíodh damhsaí ag na daoine frid na tithe. Anseo anocht agus ansiúd san oíche amárach. Bhíodh Neidí Mhanuis ag buaileadh fidil agus James nó Ned 'Ac Fhionnghaile nó Jimmy Bhrianaí no Eanaí Neití Neilí ag seinm ar an mhalodeon agus bhíodh achan fhear lena ghirseach ar an urlár ag damhsa. Deir Mánus gur an tuige nár phós se ariamh, ná go raibh barraíocht rogha, agus cha dtiocfadh leis toghadh eatarra. Rachadh daoine o theach go teach ag réacáil (cuairtíocht). Sin an saol sóisialta a bhíodh acu. Bhí na daoine bocht san am, ach bhí siad fial flaithiúil, agus dhéanfaí tae in achan teach dona cuairteoirí, agus cha raibh anás na ocras ar dhuine ar bith.
Bhí uaigneas orainn ag fágáil Mhánus dúinn, ag smaoineamh le cumhaidh ar an saol sona sásta a bhí ann san am a chuaigh thart san Íochtar, áit a ndearna an tiger Ceilteach i bhfad níos mo dochar don Ghaeilge na rinne scrios an ghorta.
(Ainm an bháid).

## *Crossfhocal do pháistí bunscoile.*
## *An Nollaig.*

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R | T | I | R | I | O | A | A | G | A | A | A |
| N | I | N | O | M | D | A | L | S | A | L | I |
| S | D | T | I | I | I | I | O | B | L | I | T |
| N | E | O | H | N | R | I | T | O | A | H | U |
| M | R | O | G | E | H | T | R | L | E | T | I |
| R | U | E | S | B | C | R | H | R | A | I | S |
| A | A | I | N | A | A | R | O | E | N | E | O |
| L | L | A | R | H | M | D | I | L | A | B | R |
| L | E | A | B | E | G | H | O | O | A | R | A |
| L | M | A | I | N | S | E | A | R | N | S | G |
| A | E | N | T | - | C | A | M | S | E | N | A |
| L | O | N | A | E | D | H | G | I | A | M | A |



**1.An páiste a rugadh**

**2.A Athair**

**3.A Mháthair**

**4.An áit a rugadh É**

**5.An áit inar cuireadh a luí É**

**6.Bhí seo ag soilsiú sa spéir**

**7.Bhí siad ag tabhairt aire de chaoirí**

**8.Thug siad bronntanais**

**9.An rí a bhí ar Iosrael ag an am**

**10.Scríobhadh a n-ainmneacha ann**

**11.Ceann de na bronntanais (4)**

**12.Bronntanas eile (5)**

**13.An baile inar rugadh É**

**14.Ainmhí a bhí sa stábla le crois air**

**15.Labhair________le uimhir 7**

**16.Bhí an cór ag ___________**

**17.An áit as ar thainig na ríthe**

**18.Ainm eile ar Mhuire**

Cuir do fhreagra go Fiona in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh (91 55055)

Tarraingeoidh muid ceann de na freagraí ceart amach as an mhála agus beidh duais don pháiste sin.



## *CLUB ÓIGE MHÍOBHAIGH*

Cuireadh Club Óige Mhíobhaigh ar bun sa bhlian 1999. Bhí suas le seachtó a cúig déagóir againn an chéad bhliain. Tá an Club Óige do aos óg na parróiste idir dhá bhliain déag agus ocht mbliana déag d'aois. Bíonn imeachtaí ar siúl ag an chlub achan oíche Aoine in Ionad Chumann Lúthleas Gael ó leath i ndiaidh a seacht go dtí an naoi a chlog. Bíonn cluichí de gach cineáil ar siúl againn agus bíonn na déagóirí breá sásta. Tá coiste breá láidir againn ach mar sin fhéin ba mhaith linn níos mó cuidiú a fháil ó na tuismítheoirí agus go gcuirfeadh siad a gcuid tuairmí ós ár gcomhair. Tá muid cláraithe anois le Ógras, eagraíocht a amharcann i ndiaidh clubanna óige na Gaeltachta agus mar sin de beidh béim a chur ar imeachtaí a reachtáil trí Ghaeilge.
Beidh muid ag dul go dtí an 'Bowling Alley' i nDoire roimh an Nollaig agus ta mé cinnte go mbeidh óiche mhór againn. San am i láthair tá suas le deichniúr is fiche sa chlub agus tá súil againn go leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh blianta fada.

**Seo pictiúirí foirne na mbuachaillí a ghlac páirt ins na Mini 7's sa pharóiste seo. Beidh pictiúirí na gcáiliní san chéad eagrán eile.**



***Sraith Chúl***
Kiefer Ó Luacraí, Pádraig Ó Dochartaigh,Peadar Ó Sibhleáin, Eoin Ó Buidhe, Aodhán Ó Gallchóir, Michéal Ó hEarcáin.

***Sraith Tosach***
Máirtín Ó Dochartaigh, Máirtín Mac Giolla Bhríde, Barra Mac Aoidh, Conchúr Ó Siail.

## *Pictúir de fhoireainn buachaillí Charraig Áirt.*




***Sraith Chúl***
Dominic Ó Dochartaigh, Seosamh Ó Buidhe, Pádráig Man Lochlainn, Barra Mac Eitéagáin.

***Sraith Tosach***
Niall Ó Dúgaire, Nathaniel Mac Aoidh, Seamús Mac Aoidh, Séan Ó Cóill.

## Mo Bhaile Beag Dún Dubháin

Maidin sheaca Earraigh, an ghrian go fóill 'an luí
D'fhag mé slán ag mo mhuintir 'na sheasamh cois 'a tí.
Bhí m'athair 's mo mháthair's deireadh clainne Dónal Bán
Thug me bos mo láimhe do charad 'is mo bhaile beag Dún Dubhain.
Siúl suas domh malaigh Mhiobhuí, Cnoc na Rosann ar mo chúl
D'eist mé uair ámhain eile le ceol an tsrutháin binn
'S na deora anois a 'sníomh le cumhaigh nach trua sinn
'Dul a luí i measc na gcoimhí ar thriall mo bhealach féin.

***Curfa:***
Céad slán le Cnoc na Sleigh, Gáinne Mór 's Cuan Na Long,
'S cladaigh na Maoile Ruaidhe ar chaith mé m'óige binn
Céad slán le Dumhaigh 's Corra, bail'na Deora na Dúnaibh féin,
Beidh mé smaoimeamh oraibh go deo na ndeor's mo bhaile beag Dún Dubhain.

Ag breathnadh uaim ón tsoitheach í Loch Súilí na nIarlaí Mór,
Ar mo thír go haoibhinn álainn, m'óige miadhach mian,
Anois bláth bán na h-óige ar choigrigh siar 'un Oileán Uir;
Nach bocht gur strócadh 's stialladh d'bhroinn 'fud na cruinne i bpian.
I ndiaidh trí lá 's fichead a shroich muid Montreal;
Ár dtreoir go Philidelphia mo léan ná bocht ár dtriall,
Nach b'fhearr bheith bocht in Éirinn go macánta go foill,
Ach chá raibh faoiseamh 'riamh ag deoraí ag fágáil Dún na nGall.

***Curfa***

Chan fheicim clocha Mhiobhuí nó reilig mo shuaimhneach séimh,
Chan fheicim ceo néala 'n mhuir ar Thrá na Rosann ciúiin,
Chá chluinim ceol na cuaiche, an naoscán nó 'n chrotach binn,
Mo léan, nach bhfeicim Máire bheag i mo bhaile beag Dún Dubháin.
Tóg suas do chroí 'tá cráite a Éireannaigh go fóill,
Beidh rath 's bláth 's lúchair croí i measc bhur ngleanntáin caomh,
Tógfar brat na bhFianna le bród 's saoirse buan,
Beidh cónaí ann gan smacht gan smál do fhir's mná Ros Goill.

***Curfa***

**Séamus Ó Luadhóg – Dún Dubháin 1982.**

## *COISTE OIDHREACHTA AGUS CULTÚIR*
## *(Comhairle Uladh CLG)*

**Le cúig bliana déag anuas tá an coiste seo an-ghníomhach i dtaobh cothú agus cuir chun cinn ár dteanga agus ár n-oidhreacht. Chuireadar tús le seachtain na Gaeilge 'sna Dúnaibh i mí Iúil 1989. Rinne tuairim is fiche duine freastal ar an chúrsa ach i mi Iúil na bliana seo, rinne céad caoga sé freastal ar an chúrsa. Tá an Coiste díograsach ina gcuid oibre agus gí go raibh siad ag iomramh in aghaidh an t-srutha 'sna blianta tosaigh tá toradh a gcuid oibre le feiceáil anois.**

**Brian Ó Maoileoin**

**Ba mhaith le Céim Aniar a gcomhbhrón a chur in iúl do Chaitlín Uí Mhaoileoin agus a clann ar bhás a fear céile Brian. Chaith Brian blianta fada fá cheantar Ros Goill. Tháinig sé anseo a fhoghlaim Gaeilge i dtús báire agus ansin thainig sé chun cónaí anseo thart fá 1970. Ba ar an Mhuirleog a thóg sé fhéin agus Caitlín a gclann – na mic Pádraig agus Brian Óg agus na iníonacha Caoimhe, Máire agus Bríd. Bhí siad ar theaghlach chomh ceolmhar agus a gheobhfá i gceantar ar bith san tír agus chruthaigh siad sin le Ceoltóirí Ghoill.**

**Fear ab ea Brian a chaith a shaol sáite i gcúrsaí Gaeilge agus scriobh se go leitheadach. Nuair a tháinig sé anseo i 1970 bhí deifir air rudaí a athrú mar go bhfaca sé go raibh géar ghá le tabahirt faoi mheath na teanga. Ach mar a tharla i gceantair eile ní raibh moran fonn ar pobal aitiúil treoir a ghlacadh ón taobh amuigh agus mar sin de bhí an talamh ar a raibh sé ag obair ró-dhoicheallach. Ba mhór an truaigh seo. Ar an droch-uair don cheantar nuair a tháinig Céim Aniar ar an saol 2001 bhí deich mbliana agus fiche caillte acu agus saibhreas Gaeilge caillte lena chois. Bhí a chroí san áit cheart ag Brian ó thaobh na Gaeilge de.**

**Ar dheis lamh Dé go raibh a anam dílis Gaelach.**

**AN BAILE BEO.**

Bhí Coiste Céim Aniar iontach sásta agus mórtasach nuair a fógraíodh san Spideal oíche Luain 's chuaigh thart go raibh an chéad duais i réigiún an Tuaiscirt buaite acu i gComórtas An Baile Beo.
Tá Ceim Aniar ar an bhealach anois le cupla bliain agus is tábhachtach an rud é duais aitheantais chomh mór sin a fháil ag an bpointe seo. Fuair siad €4,000. Ba mhaith leis an coiste a mbuíochas a chur in iúl do phobal an cheantair a bhéarann an chuid tacaíocht dúinn inár gcuid oibre chun ár bhféinúlacht a chaomhnú agus tús áite a thabhairt don teanga agus don chultúir atá mar phairt lárnach don fhéinúlacht sin.



Gan an pobal a bheith taobh thiar dúinn is snámh in éadán an t-srutha a bheadh ann. Do na daoine (a) a d'athraigh a gcuid comharthaí gnó (b) atá ag obair ar ainmneacha na mbailta fearainn (c) atá ag obair ar cheol traidisiúnta agus amhránaíocht (d) a dhéanann freastal ar na h-oícheanta sóisialta, go h-áirithe Tráth na gCeist (e) atá ag freastal ar na ranganna Gaeilge uilig (f) atá ag obair ar an Íris Guth Ghoill agus (g)do Fiona atá ag ceangail na gnéithe éagsúla le chéile – seo toradh bhur gcuid saothair. Tá cuid mhór déanta ach tá i bhfad níos mó le déanamh. Chá dtig suí ar na rámhaí!!



***OÍCHE NOLLAG***

**Le coinnle n-aingeal tá an spéir amuigh breactha,
Ta fiacail an tseaca sa ghaoth on gcnoc,
Adaigh an tine is teír chun na leapan,
Luifidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.**

**Fagaidh an doras ar leathadh ina choinne,
An mhaighdean a thiocfaidh is a naí ar a hucht,
Deonaigh scith an bhóthair a ligint, a Mhuire,ógl
Luaidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.**

**Máire Mhac an tSaol.**